

Meitheal Forbartha Cheol na hArdteistiméireachta	Meitheal Forbartha – Cruinniú 5: DÁTA: 05.02.2025 Cur Síos Gairid
Mír ar an gClár	Nótaí
Fáilte, Miontuairiscí agus Nuashonruithe	Chuir an Cathaoirleach fáilte roimh bhaill na Meithle chuig an gcruinniú. Glacadh leis na Miontuairiscí ón gcruinniú deireanach. Chuir an Feidhmeannach roinnt nuashonruithe i láthair lenar áiríodh: an comhairliúchán leanúnach ar an gCáipéis Eolais agus Treoir don Athbhreithniú ar Cheol na hArdteistiméireachta agus comhdháil na Roinne Oideachais le ceannairí scoile ar athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí.
Léargais luatha ón gComhairliúchán ar an gCáipéis Eolais agus ar an Treoir	D'iarr an Feidhmeannach ar bhaill na meithle leanúint orthu ag cabhrú leo chun eolas a roinnt maidir leis an gcomhairliúchán. Chuir an Feidhmeannach forléargas i láthair ar na léargais luatha ón gcomhairliúchán agus bhí plé ann i measc na meithle ar na léargais sin.
Plé agus obair leanúnach ar Thorthaí Foghlama agus Struchtúr na sonraíochta	Rinne an Mheitheal Forbartha scrúdú ar obair a cuireadh i dtoll a chéile ón gcruinniú deireanach, agus lean siad orthu ag déanamh forbairt ar thorthaí foghlama ina dhiaidh sin.
Aon Ghnó Eile agus na dátaí don chéad chruinniú eile.	An Chéad Chruinniú Eile: 10 Márta 2025